

Caighdeán Gaeilge Aistritheoirí an AE

Ceist 1 Beidh tú ag féachaint ar ball ar thuairisc faoin oiliúint Tríú Leibhéal atá á cur ar aistritheoirí Gaeilge. Sula bhféachann tú ar an mír, an féidir leat na focail/frásaí ar chlé a mheaitseáil leis na focail/frásaí ar dheis?

1. saineolaí	a) <i>quarter</i>
2. ceathrú	b) <i>psychometric tests</i>
3. ceal	c) <i>on a temporary basis</i>
4. aitheantas	d) <i>recognition</i>
5. ar comhchéim	e) <i>recruitment difficulties</i>
6. ainneoin	f) <i>expert</i>
7. trialacha síciméadracha	g) <i>despite</i>
8. deacrachtaí earcaíochta	h) <i>want, lack of</i>
9. ar bhonn sealadach	i) <i>on an equal footing</i>

1	2	3	4	5	6	7	8	9

Cad a bhí ag an duine in aice leat?

Anois, féach ar an tuairisc den chéad uair le feiceáil an féidir leat na focail sin a aithint sa mhír nuachta.

Ceist 2 Féach ar an tuairisc den dara huair agus labhair leis an duine in aice leat faoi ábhar na míre.



Ceist 3 Féach ar an tuairisc arís agus freagair na ceistanna thíos:

1. Cén fáth ar luadh na blianta 2007 agus 2022?
2. Cén fáth ar luadh na figiúirí seo: 65, 19 agus 328?
3. Cad a bhí le rá ag An Dochtúir Pádraig Ó Laighin faoin scéal?

Ceist 4 Eimear Ní Chonaola, Irene Ní Nualláin agus Pádraig Ó Laighin

1. An mbaineann tú úsáid as an leagan Gaeilge nó as an leagan Béarla de do shloinne? Cén fáth?
2. An maith leat d'ainm? Cén fáth?
3. Cad is brí le **Mac** agus cad is brí le **Ó**?
4. Tá iníon amháin agus mac amháin ag Seán Mac Gabhann. Máire agus Éamonn is ainm dóibh. Cén sloinne atá orthu, mar sin?
5. Tá iníon amháin agus mac amháin ag Bosco Ó Conchúir. Aoife agus Pól is ainm dóibh. Cén sloinne atá orthu mar sin?
6. Conas a deirtear *Mr* agus *Mrs* i nGaeilge?

Ceist 5 ‘...cuid de...’

Is minic a úsáidtear na focail ionadacha *ceann*, *cuid* nó *duine* chun ‘one of’ an Bhéarla a chur in iúl i nGaeilge. Mar shampla:

D’éirigh duine de na rúnaithe as an bhliain seo caite.

Is féidir an t-ainmfhocal a úsáid faoi dhó freisin. Mar shampla:

Léigh mé leabhar de leabhair Hemingway an mhí seo caite.

Roghnaigh ceann de na focail thíos chun na bearnaí a líonadh sna habairtí seo a leanas:

duine, cuid, ceann, scannán

1. Nach _____ de chlann Uí Néill é Peadar?
2. Chonaic mé _____ de scannáin Jim Jarmusch an tseachtain seo caite agus bhí sé ar fheabhas.
3. Tá mé cinnte gur _____ de na múinteoirí a d’fhág an mála ansin.
4. Is féidir leat _____ ar bith de na leabhair a roghnú.
5. Bí cinnte go mbeidh _____ den seandream ag an gcóisir.
6. Ní thuigfidh siad _____ den mhír mar tá an teanga róchasta inti.
7. Is _____ d’fhoireann an chomhlachta é sin.
8. Tabhair _____ de na plátaí sin dom, le do thoil.

Ceist 6 Pléigh na ceistanna seo leis an duine in aice leat, nó le do ghrúpa.

1. Conas mar a bheadh post mar aistritheoir san Aontas Eorpach, dar leat?
2. An post deacair é post an aistritheora Gaeilge, dar leat?
3. Conas is féidir oiliúint níos fearr a chur ar aistritheoirí Gaeilge, dar leat?

Treoracha agus Freagraí

Ceist 1

1	2	3	4	5	6	7	8	9
f	a	h	d	i	g	b	e	c

Ceist 2

Is cleachtadh cainte é seo. Tabhair deis do na foghlaimeoirí an méid a thuig siad faoin mír a phlé le chéile. Pléigh ábhar na míre leis an rang iomlán ansin.

Ceist 3

Féach an script.

Ceist 4

1 agus 2: tuairimíocht atá i gceist.

3. Mac – son / Ó – grandson

4. Máire Nic Gabhann / Éamonn Mac Gabhann

5. Aoife Ní Chonchúir / Pól Ó Conchúir

6. Mr – An tUasal: An tUasal Ó Conchúir agus An tUasal Mac Gabhann

Mrs – Bean Uí/Bean Mhic: Bean Uí Chonchúir agus Bean Mhic Gabhann

Ceist 5

1. Nach **duine** de chlann Uí Néill é Peadar?
2. Chonaic mé **scannán** de scannáin Jim Jarmusch an tseachtain seo caite agus bhí sé ar fheabhas.
3. Tá mé cinnte gur **duine** de na múinteoirí a d'fhág an mála ansin.
4. Is féidir leat **ceann** ar bith de na leabhair a roghnú.
5. Bí cinnte go mbeidh **cuid** den seandream ag an gcóisir.
6. Ní thuigfidh siad **cuid** den mhír mar tá an teanga róchasta inti.
7. Is **duine** d'fhoireann an chomhlachta é sin.
8. Tabhair **ceann** de na plátaí sin dom, le do thoil.

Ceist 6

Is féidir gach grúpa a chur ag déanamh an phlé seo agus ansin na ceisteanna a phlé leis an rang iomlán.

Eimear Ní Chonaola

Níl an oiliúint atá Institiúidí Tríú Leibhéal a chur ar aistritheoirí Gaeilge sách maith le postanna¹ an Aontais Eorpaigh a líonadh, a deir saineolaí ar chúrsaí Gaeilge san Aontas Eorpach. Léiríonn figiúirí ón gCoimisiún Eorpach nár líonadh ach an ceathrú cuid de na postanna a fógraíodh le dhá bhliain, ceal an caighdeán cuí a bheith ag iarratasóirí.

Irene Ní Nualláin

In 2007 tugadh aitheantas don Ghaeilge mar theanga oifigiúil san Aontas Eorpach. Faoi mbliain 2022, beidh an teanga ar comhchéim leis na teangacha oifigiúla eile. Tá fás agus forbairt ag teacht ar an tseirbhís aistriúcháin dá réir agus beidh 180 aistritheoir ag teastáil in institiúidí an Aontais Eorpaigh faoi 2022. 65 aistritheoir le Gaeilge atá fostaithe go buan sna hinstitiúidí faoi láthair. Ach, léiríonn figiúirí ón gCoimisiún Eorpach nach bhfuil ach aon cheathrú de na postanna d'aistritheoirí Gaeilge atá fógartha acu le dhá bhliain, líonta acu. Líonadh 19 as an 75 post a fógraíodh ó Mheitheamh 2016, ainneoin 328 iarratas a bheith déanta ar na postanna sin. An bhfuil an locht ar na cúrsaí tríú leibhéal atá ar fáil le hoiliúint a chur ar aistritheoirí?

An Dochtúir Pádraig Ó Laighin, Socheolaí

B'fhiú, b'fhéidir, smaoineamh ar na daoine a bheadh ar na cúrsaí aistriúcháin, go mbeadh orthu cúrsaí a ghlacadh sna ranna nuatheangacha, sna hollscoileanna, áit a bhfuil na cúrsaí seo ar siúl. Agus tá gné eile ar siúl freisin, tá... is é sin, na trialacha síciméadracha. Bhí líon beag daoine gur theip² orthu mar gheall ar gur theip orthu sna trialacha síciméadracha. Agus, ní chuirfear deireadh leo sin, tá gá leo. Ach, is féidir oiliúint a chur ar dhaoine chun, le bheith ullamh i gcomhair na dtrialacha síciméadracha seo.

Irene Ní Nualláin

Deir Roinn na Gaeltachta gur thuig siad go mbeadh deacrachtaí earcaíochta ann agus go bhfuil Institiúidí na hEorpa ag earcú aistritheoirí ar conradh ar bhonn sealadach chun an próiseas earcaíochta oifigiúil a sheachaint.

Idir an dá linn, tá bean ón Laitvia ceaptha ina ceannaire ar aonad an aistriúcháin Gaeilge i bParlaimint na hEorpa, ainneoin nach bhfuil Gaeilge aici. Deir Pádraig Ó Laighin gur post riaracháin agus bainistíochta atá sa bpost³ agus nach miste duine le mórán taithí a cheapadh mar cheann aonaid.

Irene Ní Nualláin, Nuacht TG4.

¹ *poist* an leagan caighdeánach

² *ar theip* an leagan caighdeánach

³ *sa phost* an leagan caighdeánach